DÁIL ÉIREANN

Fógraí Tairisceana : Notices of Motions

"D'ainneoin aon ní in Ordú an 6 Bealtaine 2016 ón Dáil, inar leagadh amach an róta ar dá réir a chuirfear Ceisteanna chun comhaltaí den Rialtas, go ndéanfar Ceisteanna le haghaidh freagra ó bhéal, a leanfaidh iad sin is neasa a bheidh curtha síos don Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, a chur síos d'Airí san ord sealadach seo a leanas:

An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara	Minister for Agriculture, Food and the Marine
An tAire Sláinte	Minister for Health

agus air sin leanfar den ord a bunaíodh le hOrdú an 6 Bealtaine 2016 le Ceisteanna chun an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

That, notwithstanding anything in the Order of the Dáil of 6th May, 2016, setting out the rota in which Questions to members of the Government are to be asked, Questions for oral answer, following those next set down to the Minister for Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs, shall be set down to Ministers in the following temporary sequence:

whereupon the sequence established by the Order of 6th May, 2016, shall continue with Questions to the Minister for Communications, Climate Action and Environment."

—Ríona Uí Dhochartaigh, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

"Go ndéanfar, de réir mholadh an Fhochoiste ar Athleasú na Dála faoi Bhuan-Ordú 107(1)(*a*), Buan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí a leasú i mBuan-Ordú 148, mar a leanas:

Le héifeacht ón 15 Samhain 2016 (agus i leith Billí a gcuirtear tús leis an dara léamh orthu an dáta sin nó dá éis, agus ina leith sin amháin), i mír (2) de Bhuan-Ordú 148, na focail go léir ó 'thar tríocha nóiméad' síos go dtí 'thar fiche nóiméad.' agus na focail sin san áireamh, a scriosadh agus an méid seo a leanas a chur ina n-ionad:

'thar 20 nóiméad: Ar choinníoll, i gcás gurb é tuairim an Choiste Gnó gur ceart, i leith Bille áirithe, an t-am le haghaidh gach óráide sa chéad bhabhta sin a fhadú de mhéid áirithe, go n áireoidh sé togra chuige sin ina thuarascáil faoi Bhuan-Ordú 27C(3).

Ní rachaidh óráid aon chomhalta eile i gcúrsa na díospóireachta thar 20 nóiméad.'.

That, in accordance with the recommendation of the sub-Committee on Dáil Reform under Standing Order 107(1)(*a*), the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business be amended in Standing Order 148 as follows:

With effect from 15th November, 2016 (and only in respect of Bills which commence their second reading on or after that date), in paragraph (2) of Standing Order 148, to delete all words from 'shall not exceed thirty minutes' down to and including 'not exceed twenty minutes.', and substitute the following:

'shall not exceed 20 minutes: Provided that where the Business Committee is of the opinion that in respect of a particular Bill, the time for each speech in this first round should be extended by a certain amount, it shall include a proposal to that effect in its report under Standing Order 27C(3).

The speech of any other member in the course of the debate shall not exceed 20 minutes.'."

—Ríona Uí Dhochartaigh, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

[14 *November*, 2016]